Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 34

# Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 34, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Tithíocht, Pleanáil agus Rialtais Áitiúil, lena n-áirítear deontais d'Údaráis Áitiúla, deontais agus speansais eile maidir le tithíocht, seirbhísí uisce, scéimeanna ilghnéitheacha, fóirdheontais agus deontais.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2018, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair do chaiteachas le haghaidh na bliana.

Tá barrachas €13.165 milliún dlite le géilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi na Beartais agus na Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7 mar chuid den chuntas.

## Feidhmeanna a Aistriú

Aistríodh freagracht as trí chomhlacht stáit ón Roinn Dlí agus Cirt chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil le héifeacht ó 1 Eanáir 2018 faoin Aistriú Riaracháin Roinne agus Orduithe Feidhme Aire seo a leanas:

- Ordú Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann 2017 (IR 573/2017)
- Ordú an Údarás Clárúcháin Maoine 2017 (IR 574/2017)
- Ordú na hOifige Luachála agus an Bhinse Luachála 2017 (IR 575/2017).

Is faoi Chlár pleanála Vóta 34, Fotheideal D.11 - Suirbhéireacht Ordanáis Éireann atá an caiteachas le haghaidh Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann.  Tá a chuid Vótaí féin ag an dá chomhlacht eile: Vóta 23 - An tÚdarás Clárúcháin Maoine agus Vóta 16 – An Oifig Luachála.

Aistríodh freagracht as feidhmeanna Mótarchánach ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le héifeacht ón 1 Eanáir 2018 (IR 601/2017).

## Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a sholáthar, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 24 de 2018, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Sócmhainní caipitil***

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Dímheastar sócmhainní eile de réir méid cothrom feadh a saoil fhónta mheasta ag tosú sa mhí ina gcuirtear an tsócmhainn i seirbhís ar an mbonn seo a leanas:

- foirgnimh ag 5% in aghaidh na bliana.
- mótarfheithiclí ag 20% in aghaidh na bliana
- gléasra agus innealra ag 10% in aghaidh na bliana
- trealamh radair ag 6.66% in aghaidh na bliana.

Dímheastar gach sócmhainn eile ar aon dul leis na rátaí caighdeánacha atá leagtha amach i gCiorclán 24/2018.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht maidir le córas um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifead mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a aithint go tráthúil. Próiseas leanúnach is ea córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Chomhroinnte (Vóta 18) seirbhísí párolla agus acmhainní daonna don Roinn ar bhonn comhroinnte.

Chomhlíon mé mo fhreagrachtaí maidir le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an Roinn agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Chomhroinnte maidir le soláthar párolla agus acmhainní daonna comhroinnte.

Braithim ar litir um dhearbhú ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Chomhroinnte (Vóta 18) go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i soláthar na seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ina bhfuil freagracht sannta i gcomhair bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta bunaithe chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun beart ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

***Rialú riaracháin agus tuairisciú ar bhainistíocht***

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe go bhfuil

- córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú rialta air.
- tá athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn.
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte rialaithe cuí d'infheistíocht chaipitiúil agus smachta foirmiúla um bainistíocht tionscadail ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an coiste iniúchóireachta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn ag a bhfuil pearsanra oilte, a oibrítear de réir cairt fhaofa i scríbhinn. Cuirtear bonn eolais faoin obair le hanailís ar na rioscaí airgeadais atá le sárú ag an Roinn agus tá a phleananna inmheánacha bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear tuairiscí ón bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí i gcrích.

***Creat riosca gus rialaithe***

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca i bhfeidhm trína sainaithnítear agus trína dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis sin agus, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm trína sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár na rialuithe agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht leis as oibriú rialuithe do bhaill foirne faoi leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Déantar athbhreithniú lárnach ar an gclár rioscaí agus déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar na rioscaí ardleibhéil ar bhonn rialta. Dearbhaím gur sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe lena mbaineann agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar na príomhríoscaí sin agus easnaimh ar bith a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, cuirtear bonn eolais faoi le hobair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha nósanna imeachta a chinntiú.  Chloígh an Roinn leis na treoirlínte seachas ocht gconradh (sa bhreis ar €25,000), €770,842 ar an iomlán (gan CBL san áireamh), faoi mar atá leagtha amach thíos.

- Dámhadh conradh i dtaca le lónadóireacht ar luach iomlán de €37,228 (gan CBL) agus aon chonradh glantóireachta amháin ar luach iomlán de €28,600 (gan CBL). Tugadh anonn na conarthaí sin a dámhadh ar dtús le próiseas iomaíoch ar feitheamh próiseas soláthair a thabhairt chun críche.  Tá an próiseas soláthair maidir leis an gconradh glantóireachta tugtha chun críche ó shin.
- Rinneadh conradh slándála lenar bhain luach €143,583 (gan CBL san áireamh) mar bheart éigeandála chun slándáil a sholáthar a bhain le tógáil cúlála agus oibreacha cothabhála/athchóirithe á ndéanamh ag Oifig na nOibreacha Poiblí ag Teach an Chustaim.  Tá próiseas iomaíoch soláthair tugtha chun críche ó shin.
- Dámhadh trí chonradh ar luach iomlán de €131,431 (gan CBL) gan phróiseas iomaíoch mar ábhar práinne ó thaobh dhréachtú agus fhoilsiú na Rialachán ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) agus comhairliúcháin phráinneacha trasteorann ar MTT a stiúradh.
- Dámhadh dhá chonradh ar luach iomlán de €430,000 (gan CBL) gan phróiseas iomaíoch do sholáthraithe ag a raibh saineolas agus taithí roimhe sin maidir le ceisteanna a tháinig chun cinn ar bhunú beartaithe an Ghníomhaireacht Forbartha Talún.

Chuir an Roinn sonraí ar fáil maidir leis na conarthaí eisceachtúla sin mar chuid den bhfaisnéis maidir le trí chonradh déag dar luach €1,072,537 (gan CBL san áireamh) san iomlán atá cuimsithe sa tuairisceán bliantúil i ndáil le hImlitir 40/2002 chuig Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach maidir le 2018 a raibh cailliúint ábhartha, nó a d'fhéadfadh go mbeadh cailliúint ábhartha, mar thoradh orthu.

**John McCarthy**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

29 Márta 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 34 Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 34 Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 34 Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair*

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla roinnt cásanna neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2018.

#### *Údaráis áitiúla a chistiú*

Pléitear le cistiú údarás áitiúil ag an rialtas láir i gCaibidil 11 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí don bhliain 2018.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

17 Meán Fómhair 2019

# Vóta 34 Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas chláir** | | | | | | |
| A | Tithíocht | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,828,199 | | | |
| | | *Forlíontach* | 120,000 | | | |
| | | | | 1,948,199 | 1,983,676 | 1,323,164 |
| B | Seirbhísí uisce | | | 1,201,784 | 1,174,017 | 326,037 |
| C | Rialtas áitiúil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 146,090 | | | |
| | | *Forlíonta* | 9,999 | | | |
| | | | | 156,089 | 158,793 | 387,689 |
| D | Pleanáil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 63,033 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | | 63,034 | 49,774 | 32,266 |
| E | Met Éireann | | | 24,778 | 20,919 | 18,002 |
| | **Caiteachas comhlán** | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,263,884 | | | |
| | | *Forlíontach* | 130,000 | | | |
| | | | | **3,393,884** | **3,387,179** | **2,087,158** |
| | *Asbhain* | | | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | **63,266** | **69,726** | **64,129** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,200,618 | | | |
| | | *Forlíontach* | 130,000 | | | |
| | | | | **3,330,618** | **3,317,453** | **2,023,029** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid arna chur ar fáil thar an méid arna chur i bhfeidhm dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **13,164,511** | **4,325,944** |

**John McCarthy**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

29 Márta 2019

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas maidir leis an gCostas Oibriúcháin 2018

| | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas chláir | | 3,331,606 | 2,037,452 |
| Pá | | 43,903 | 40,338 |
| Neamhphá | | 11,670 | 9,368 |
| **Caiteachas comhlán** | | **3,387,179** | **2,087,158** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **69,726** | **64,129** |
| **Glanchaiteachas** | | **3,317,453** | **2,023,029** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | (2,417) | | |
| Dímheas | 952 | | |
| | | (1,465) | (332) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (14,522) | | |
| Laghdú ar stoic | 7 | | |
| | | (14,515) | (43, 926) |
| **Caiteachas díreach** | | **3,301,473** | **1,978,771** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 24,580 | 23,496 |
| Measchíosanna | | 3,136 | 3,015 |
| **Glanchostais an chláir** | | **3,329,189** | **2,005,282** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 34 a tabhaíodh in áiteanna eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 560 | 423 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 22,424 | 21,606 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,402 | 1,260 |
| Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 69 | 81 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | 125 | 126 |
| | **24,580** | **23,496** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **5,194** | **3,732** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 18,930 | 21,575 |
| Stoic | 2.4 | 149 | 156 |
| Ciste éadálacha rollach na Gníomhaireachta Tithíochta | 7.2 | 70,941 | 71,795 |
| Réamhíocaíochtaí | | 974 | 1,303 |
| Ioncam fabhraithe | | 6,757 | 3,634 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 1,077 | 648 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 98,828 | **99,111** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 9,577 | 21,925 |
| Ioncam iarchurtha | | 8,689 | 8,926 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 20,001 | 20,834 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 6 | 1,389 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 38,273 | **53,074** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 60,555 | **46,037** |
| **Glansócmhainní** | | **65,749** | **49,769** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **65,749** | **49,769** |

### 2.1 Cuntas maoiniú Stáit

| | Nóta | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | **49,769** | 5,518 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 3,330,618 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (13,165) | | |
| Vóta glan | | | 3,317,453 | 2,023,029 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áiteanna eile | 1.1 | | 24,580 | 23,496 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíosanna | 1 | | 3,136 | 3,015 |
| Aistriú sócmhainní chuig Ranna eile | 2.2 | | — | (7) |
| Glanchostais an chláir | 1 | | (3,329,189) | (2,005,282) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **65,749** | **49,769** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Gléasra, innealra agus mótarfheithiclí | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ollsócmhainní** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2018 | 668 | 298 | 23,553 | 2,631 | 787 | 27,937 |
| Breiseanna | — | 53 | 1,112 | 12 | 1,237 | 2,414 |
| Sócmhainní curtha in úsáid | — | — | 124 | — | (124) | — |
| Diúscairtí[a] | — | (24) | (5,382) | (971) | — | (6,377) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018 | 668 | 327 | 19,407 | 1,672 | 1,900 | 23,974 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018 | 49 | 206 | 21,538 | 2,412 | — | 24,205 |
| Dímheas don bhliain | 12 | 27 | 843 | 70 | — | 952 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (24) | (5,382) | (971) | — | (6,377) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2018 | 61 | 209 | 16,999 | 1,511 | — | 18,780 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018[b]** | **607** | **118** | **2,408** | **161** | **1,900** | **5,194** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | 619 | 92 | 2,015 | 219 | 787 | 3,732 |

Nótaí

[a] Diúscairtí sa ghnáthchúrsa gnó, diúscairtí a eascraíonn as cur i gcrích fardal mórshócmhainní mar chuid den bhainistíocht leanúnach ar shócmhainní na Roinne.

[b] Aistríodh freagracht as feidhmeanna oidhreachta chuig an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RCOG) i 2011 agus lean an Roinn ar aghaidh ag taifeadadh shócmhainní TFC oidhreachta ar a clár go dtí 2013. Chuir an Roinn Tithíocht, Pleanála agus Rialtas Áitiúil (RTPRA) fardal cuimsitheach i gcrích de shócmhainní TFC RCOG i 2018 ag ionaid oidhreachta RCOG ar fud na tíre. Aithníodh 629 sócmhainn san fhardal, agus tá 380 díobh taifeadta fós ar chlár sócmhainní an RTPRA agus costas caipitlithe de €1.4m orthu. Iarradh ar an RCOG athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfardal agus an dáta a dhearbhú um aistriú na 380 sócmhainn sin. Meastar go n-aistreofar na sócmhainní sin chuig RCOG i rith 2019.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid PMG | 18,799 | 20,541 |
| Iarmhéideanna chuntas bainc tráchtála agus airgead tirim | 131 | 1,034 |
| | **18,930** | **21,575** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ábhair inchaite mheitéareolaíochta | 55 | 72 |
| Ábhar inchaite IT | 29 | 29 |
| Stáiseanóireacht | 49 | 47 |
| Ábhair ghlantacháin | 6 | 2 |
| Eile | 10 | 6 |
| | **149** | **156** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais tuarastail in-fhorchúitithe | 117 | 118 |
| Scéim pasanna taistil inaisíoctha | 176 | 149 |
| Costais taistil in-fhorchúitithe | 9 | 7 |
| Óinchistí | 4 | 6 |
| Míreanna dochair eile fionraí | 771 | 368 |
| | **1,077** | **648** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 734 | 703 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 324 | 296 |
| Cáin Bhreisluacha | 324 | 207 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 79 | 24 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 120 | 114 |
| Géilleadh deonach pá | — | 10 |
| | 1,581 | 1,354 |
| | | |
| Asbhaintí den phárolla arna gcoinneáil ar fionraí | 207 | 217 |
| An Ciste Forbraíochta Uirbí[a] | 17,543 | 18,525 |
| Míreanna sochair eile fionraí | 670 | 738 |
| | **20,001** | **20,834** |

Nóta [a] (Féach Nóta 7.1).

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 13,165 | 4,326 |
| Deontas státchiste neamhtharraingthe | (13,159) | (2,937) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **6** | **1,389** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 18,930 | 21,575 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,077 | 648 |
| | 20,007 | 22,223 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,581) | (1,354) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (18,420) | (19,480) |
| | (20,001) | (20,834) |
| | **6** | **1,389** |

## 2.8 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Ceangaltais dhomhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 1,190 | 332 |
| Clár deontas neamh-chaipitil | 875,993 | 540,458 |
| Clár deontas caipitil | 1,024,676 | 882,433 |
| | **1,901,859** | **1,423,223** |

**Clár deontas neamh-chaipitil**

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 540,458 | 335,069 |
| Deontais íoctha sa bhliain | (604,396) | (428,516) |
| Ceangaltais deontais nua | 939,931 | 633,905 |
| Iarmhéid deiridh | **875,993** | **540,458** |

**Clár deontas caipitil**

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 882,433 | 292,700 |
| Deontais íoctha sa bhliain | (1,184,873) | (650,842) |
| Ceangaltais deontais nua | 1,327,116 | 1,240,575 |
| Iarmhéid deiridh | **1,024,676** | **882,433** |

**Mórthionscadail chaipitil**

| Tionscadail tithíochta | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2017 €000 | Caiteachas i 2018 €000 | Ceangaltais tionscadal i mbliana ina dhiaidh sin €000 | Saolré iomlán mheasta caiteachais ar thionscadal 2018 €000 | Saolré iomlán mheasta caiteachais ar thionscadal 2017 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***Tógáil*** | | | | | |
| **Comh-mhaoinithe[a]** | | | | | |
| Athchóiriú ar Halla na Prióireachta, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 13: | | | | | |
| - Údarás Áitiúil | 10,288 | — | — | 10,288 | 10,288 |
| - Roinn | 13,489 | 3,764 | 20,660 | 37,913 | 37,913 |
| | 23,777 | 3,764 | 20,660 | 48,201 | 48,201 |
| Cúirt Chnocán na Rós, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin: | | | | | |
| - Údarás Áitiúil | 1,628 | 3,785 | — | 5,413 | 1,628 |
| - Roinn | 3,918 | 2,288 | 304 | 6,510 | 10,295 |
| | 5,546 | 6,073 | 304 | 11,923 | 11,923 |
| Páirc Mhic Gearailt, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin: | | | | | |
| - Údarás Áitiúil | 1,300 | 2,429 | — | 3,729 | 1,300 |
| - Roinn | 1,805 | 2,826 | 1,723 | 6,354 | 8,783 |
| | 3,105 | 5,255 | 1,723 | 10,083 | 10,083 |
| Coimín an Ráschúrsa, Lusca (Céim 2.1)[b]: | | | | | |
| - Údarás Áitiúil | 308 | 1,952 | — | 2,260 | 253 |
| - Roinn | 4,650 | 4,524 | 174 | 9,348 | 11,355 |
| | 4,958 | 6,476 | 174 | 11,608 | 11,608 |
| St Aidan's, Gort an tSrutháin, Tamhlacht: | | | | | |
| - Údarás Áitiúil | 71 | 4,193 | — | 4,264 | 71 |
| - Roinn | 3,900 | 8,745 | 2,913 | 15,558 | 21,224 |
| | 3,971 | 12,938 | 2,913 | 19,822 | 21,295 |
| Baile Baodáin, Ráth Fearnáin: | | | | | |
| - Údarás Áitiúil | 69 | 803 | — | 872 | 69 |
| - Roinn | 134 | 9,349 | 2,476 | 11,959 | 12,762 |
| | **203** | 10,152 | 2,476 | 12,831 | 12,831 |
| St. Cuthbert's, Cluain Dolcáin (Céim 1) Baile Átha Cliath Theas: | | | | | |
| - Údarás Áitiúil | 18 | 60 | — | 78 | — |
| - Roinn | — | 1,449 | 10,683 | 12,132 | — |
| | 18 | 1,509 | 10,683 | 12,210 | — |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2017 | Caiteachas i 2018 | Ceangaltais tionscadal i mbliana ina dhiaidh sin | Saolré iomlán mheasta caiteachais ar thionscadal 2018 | Saolré iomlán mheasta caiteachais ar thionscadal 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Maoinithe ag an Roinn** | | | | | |
| Bóthar na Tulaí, Ceatharlach | — | — | 11,995 | 11,995 | 11,995 |
| Bóthar na hEaglaise, Co. Chorcaí | 5,807 | 5,351 | 831 | 11,989 | 11,990 |
| Sráid an Fhaoitigh, Co. Chorcaí | — | 3,379 | 9,321 | 12,700 | — |
| Carraig an Deagánaigh, An Tóchar, Cathair Chorcaí | 2,419 | 3,550 | 11,260 | 17,229 | — |
| Millín na Cuaillí, Beanntraí, Contae Chorcaí | — | — | 11,092 | 11,092 | — |
| Radharc na Gréine (Ionad Teach na Gloine), Bóthar Mhuine Mheá - (Céim 1), Cathair na Gaillimhe | — | 1,832 | 16,538 | 18,370 | — |
| Lána Chill Bhríde, Bré, Co. Chill Mhantáin | 135 | 8,707 | 8,266 | 17,108 | — |
| Gort na Silíní, Baile Fhormaid/Bruach na Coille/Ráth Bhile | 315 | 12,061 | 7,497 | 19,873 | 15,255 |
| **Iomlán** | **50,254** | **81,047** | **115,733** | **247,034** | **155,181** |
| ***Athghiniúint*** | | | | | |
| Teach Dolphin, Baile Átha Cliath 8: | | | | | |
| - Údarás Áitiúil | 1,490 | — | — | 1,490 | 1,490 |
| - Roinn | 11,917 | 10,694 | 1,746 | 24,357 | 25,507 |
| | 13,407 | 10,694 | 1,746 | 25,847 | 26,997 |
| Athghiniúint Chorcaí Céim 2, Cnoc an Aoine / Cnoc an Chuilinn, Cathair Chorcaí[c] | 318 | 2,212 | 9,323 | 11,853 | 12,388 |
| Sráid an Tiarna Éadbhard, Luimneach | 16,900 | 443 | 2,129 | 19,472 | 19,472 |
| Lárionad Limistéar Southill, Luimneach | 10,534 | 193 | 275 | 11,002 | 11,002 |
| **Iomlán** | **41,159** | **13,542** | **13,473** | **68,174** | **69,859** |
| ***Bonneagar*** | | | | | |
| Na Dugaí Theas, Co. Chorcaí | 241 | 324 | 11,065 | 11,630 | 11,625 |
| Droichead na Dothra, Cathair Bhaile Átha Cliath | 117 | 10 | 11,686 | 11,813 | 11,813 |
| Coill na Silíní, Dún Laoghaire Ráth an Dúin | 9 | 118 | 11,265 | 11,392 | 11,392 |
| Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat, Fine Gall | 512 | 3,339 | 6,769 | 10,620 | 11,625 |
| Maigh Nuad, Co. Chill Dara | — | 157 | 10,718 | 10,875 | 10,875 |
| Baile Adaim, Co. Bhaile Átha Cliath | — | 23 | 14,977 | 15,000 | 15,000 |
| **Iomlán** | **879** | **3,971** | **66,480** | **71,330** | **72,330** |

Nótaí

[a] Tá cuid de na tionscadail maoinithe i gcomhar ag an Roinn agus ag cistí dílse na n-údarás áitiúil ó choinníollacha Cánach Maoine Áitiúla (coinnítear 80% d'fháltais CMÁ i gceantar údaráis áitiúil go háitiúil). Tá acmhainn ann do cheangaltais na Roinne a laghdú sna blianta atá le teacht má bhíonn na húdaráis áitiúil ábalta a chuid cistí féin a úsáid ó choinneáil Chánach Maoine Áitiúla.

[b] Áirítear leis an ngné údaráis áitiúil den fhigiúr €308,000 um chaiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2017 coigeartú de €55,000 maidir le 2016 a fágadh amach trí bhotún ó chuntas leithreasa 2017.

[c] Cuimsíonn an figiúr de €318,000 le haghaidh caiteachais charnaigh suas le 31 Nollaig 2017 caiteachas de €148,000 le haghaidh 2017 móide caiteachas breise de €170,000 le haghaidh 2016 a fágadh amach trí bhotún ó chuntas leithreasa 2017.

**Éagsúlachtaí suntasacha**

*Gort na Silíní*

Tháinig méadú €4.62 milliún ar iomlán an chaiteachais ionchais i ndáil leis an athchóiriú ar Halla na Silíní. Cuireadh 19 n-aonad breise leis an scéim i mí Iúil 2018, rud a thóg an gealltanas iomlán i leith na scéime go €19.87 milliún.

*St Aidan's, Gort an tSrutháin, Tamhlacht:*

Áiríodh le caiteachas iomlán measta 2017 don tionscadal seo €1.47 milliún a bhain le tionscadal ar leithligh arna chur i gcrích ar an láithreán céanna. Ní bhaineann caiteachas iomlán measta 2018 ach leis an tionscadal aonair ina bhfuil 85 aonad tithíochta agus mar gheall ar an gceartúchán sin tháinig laghdú de €1.47 milliún chun cinn.

*Athghiniúint Theach Dolphin*

Laghdaíodh an caiteachas iomlán measta don tionscadal sin faoi €1.15 milliún. Baineann sé sin leis an gcaiteachas breise de €1.15 milliún i 2016 a cuireadh leis an ngealltanas foriomlán don tionscadal iomlán i 2017. Bhí an coigeartú don chaiteachas breise ceart i 2017 ach níorbh cheart é a chur leis an ngealltanas iomlán foriomlán, seachas sin ba cheart é a bhaint d'fhigiúr reatha an tionscadail. Ceartaíodh é sin i 2018 tríd an ngealltanas foriomlán don tionscadal iomlán a laghdú faoi €1.15 milliún.

*Athghiniúint Chorcaí Céim 2*

Laghdaíodh an caiteachas iomlán measta maidir le Céim Athghiniúna Chorcaí Céim 2 tar éis an tairiscint dheireanach a fháil.

*Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat*

Tháinig laghdú €1.0 milliún ar iomlán an chaiteachais ionchais i ndáil le tionscadal Bhóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat tar éis tuairisc tairisceana a fháil ón údarás áitiúil.

## 2.9 Dliteanais aibithe

| ag 31 Nollaig | **2018**<br>**€000** | **2017**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Meastachán na ndliteanas aibithe nár urscaoileadh ag deireadh na bliana | 56 | 53 |

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá méid nó uainiú iarbhír na ndliteanas ionchasach neamhchinnte.

# Nóta 3 Caiteachas Vóta

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 46,771 | 43,903 | 40,338 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,171 | 1,195 | 1,180 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 2,165 | 1,550 | 1,717 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,187 | 781 | 790 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 10,557 | 7,122 | 4,916 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 2,731 | 963 | 763 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta, athbhreithnithe ar luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | 50 | 2 | 2 |
| viii | Taighde (staitisticí agus eacnamaíocht) | 125 | 57 | — |
| | | **64,757** | **55,573** | **49,706** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Rinneadh caiteachas riaracháin a chionroinnt ar fud na gclár, chun na costais iomlána cláir a léiriú. Seo a leanas achoimre ar na fáthanna le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

*iii* *Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha*

Soláthar sna meastacháin: €2.165 milliún, toradh: €1.550 milliún

Tharla an coigilteas de €615,000 ar chaiteachas oiliúna agus forbartha agus costais teagmhasacha mar nach ndeachaigh roinnt oiliúna meitéareolaíche a bhí beartaithe ar aghaidh agus gur cuireadh i bhfeidhm an córas nua One Learning, rud a laghdaigh go mór an costas as tairiscint do chúrsaí ginearálta TF agus bogscile don Roinn.

*iv* *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Soláthar sna meastacháin: €1.187 milliún, toradh: €781,000

Tharla an coigilteas €406,000 ar an gcaiteachas ar sheirbhísí poist agus teileachumarsáide mar gur cuireadh tionscadal sheirbhísí gutha ar athló agus gur gnách go mbíonn na seirbhísí sin faoi thionchar éilimh agus d’fhéadfadh siad bheith deacair a mheas.

*v* *Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF*

Soláthar sna meastacháin: €10.557 milliún, toradh: €7.122 milliún

Bhí an coigilteas €3.435 milliún ar an gcaiteachas ar threalamh oifige agus ar sheirbhísí seachtracha TF mar gheall ar líon tionscadal, go príomha an Tionscadal um Nuachóiriú agus Uathoibriú na hEitlíochta (TNUE) atá á chur chun feidhme ag Met Éireann, nach raibh ag dul chun cinn chomh gasta agus mar a rabhthas ag súil leo.

*vi* *Costais áitreabh oifige*

Soláthar sna meastacháin: €2.731, toradh: €963,000

Bhí an coigilteas €1.768 milliún ar an gcaiteachas ar chostais áitreabh oifige mar gheall ar mhoill ar roinnt oibreacha athchóirithe oifige agus coigiltis éifeachtúlachta ar chostais téimh agus soilse.

## Clár A Tithíocht

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | | 13,989 | 13,214 | 10,919 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | 4,159 | 1,877 | 2,004 |
| A.3 | Tithíocht údaráis áitiúil | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,111,930 | | | |
| | *Forlíontach* | 120,000 | | | |
| | | | 1,231,930 | 1,331,013 | 776,032 |
| A.4 | Tithíocht dheonach agus comharthithíocht | | 257,756 | 259,238 | 151,152 |
| A.5 | Tacaíochtaí cuimsithe tithíochta | | 132,655 | 150,688 | 118,305 |
| A.6 | Athbheochan eastát - feabhsuithe tithíochta sóisialta | | 128,080 | 121,545 | 111,094 |
| A.7 | Deontais tithíochta príobháidí | | 53,000 | 49,244 | 44,537 |
| A.8 | Fóirdheontais agus liúntais | | 4,600 | 2,839 | 3,406 |
| A.9 | Ciste Bonneagair | | 75,000 | 6,888 | 1,604 |
| A.10 | Seirbhísí eile | | 47,030 | 47,130 | 104,111 |
| | | | **1,948,199** | **1,983,676** | **1,323,164** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €155.477 milliún ní b’ísle ná an méid ar soláthraíodh ina leith. Bhí tearc-chaitheamh €3.057 milliún ann a bhain le caiteachas riaracháin a míníodh cheana féin agus bhí iarmhéid na difríochta, tearc-chaitheamh €158.534 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha:

*A.3* *Tithíocht údaráis áitiúil*

Soláthar sna meastacháin: €1.112 billiún, toradh: €1.331 billiún

Cuimsítear san fhotheideal meastachán forlíontach de €120 milliún, a bhí riachtanach i ngeall ar fhorbairt shuntasach an mhóimintim ar chlár caipitil tithíochta na n-údarás áitiúil. Bhí an méadú €219.083 milliún (€99.083 milliún agus €120 milliún) ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin de €1.112 billiún mar gheall ar an méid seo a leanas:

Mar chuid de Phlean Gníomhaíochta ag Atógáil Éireann bhí caiteachas caipitil breise €249 milliún ag údaráis áitiúla, go príomha ar éadálacha úra faoin gClár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta. Leis an gcaiteachas ó fhotheideal A.3 rinneadh 3,847 teach a sheachadadh i 2018 i gcomparáid leis an sprioc de 2,699 don bhliain.

Tabhaíodh caiteachas breise de €9 milliún faoin Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC) mar gheall ar an méadú ar chostais cíosa.

Tháinig coigilteas de €24.7 milliún chun cinn faoin scéim um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) mar gheall go raibh cion ní b’airde lasmuigh de limistéar Bhaile Átha Cliath ná mar a bhíothas ag súil leis – mar sin, ar chostais níos ísle; bhí aistrithe ón bhForlíonadh Cíosa go ÍCT i mBaile Átha Cliath ní ba mhoille ná mar a bhíothas ag súil leis; agus bhí an ráta imeachta ón scéim ní b’airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

Bhí coigilteas breise de €14.2 milliún faoin gClár Caiteachais Reatha ar Thithíocht Shóisialta mar go raibh an t-éileamh ar aonaid nua le léasú faoin scéim ní b’airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

A.5 *Tacaíochtaí cuimsithe tithíochta*

Soláthar sna meastacháin: €132.655 milliún, toradh: €150.688 milliún

Bhí an méadú €18.033 milliún ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar an méid seo a leanas:

Tháinig caiteachas breise de €23 milliún chun cinn mar gheall ar éilimh mhéadaithe ar seirbhísí easpa dídine amhail soláthar cóiríochta éigeandála. Mar shampla, do mhí na Nollag 2018 bhí 9,753 duine ar an iomlán áitithe sna socruithe cóiríochta éigeandála éagsúla arna maoiniú ag na húdaráis tithíochta; b'ionann an figiúr coibhéiseach a taifeadadh i mí na Nollag 2017 agus 8,587. Agus cosc curtha san áireamh, d'imigh 5,135 duine fásta ó easpa dídine go tionóntachtaí neamhspleácha i 2018.

Tháinig coigilteas de €4.9 milliún chun cinn ar chóiríocht don lucht taistil mar go raibh dul chun cinn i leith seachadta níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis.

A.6 *Athbheochan eastát - feabhsuithe tithíochta sóisialta*

Soláthar sna meastacháin: €128.080 milliún, toradh: €121.545 milliún

Bhí an coigilteas €6.535 milliún ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar an méid seo a leanas:

Tháinig coigilteas de €29.1 milliún chun cinn ar an Tionscnamh um Dheisiú agus Léasú Aonad Folamh mar gheall ar an scéim a bheith faoi thionchar éilimh agus mar go raibh seachadadh faoin scéim ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Rinneadh athbhreithniú ar oibriú na scéime i gcomhthéacs an athbhreithnithe ghinearálta ar Atógáil Éireann agus rinneadh roinnt athruithe d'fhonn í a dhéanamh níos tarraingtí d'úinéirí chun cabhrú le méadú ar ghlacadh léi agus ar sheachadadh.

Caitheadh €22.6 milliún breise maidir le tionscadail athghiniúna mar thoradh ar chur go mór le gníomhaíocht an chláir, lenar áiríodh ar thionscadail mhóra mar Theach Dolphin, Baile Átha Cliath agus clár athghiniúna Luimnigh.

A.7 *Deontais tithíochta príobháidí*

Soláthar sna meastacháin: €53 milliún, toradh: €49.244 milliún

Bhí an coigilteas de €3.756 milliún ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar an scéim deontas tithíochta faoi thionchar éilimh agus go raibh sé deacair leibhéal beacht tharraingt anuas an mhaoinithe a thuar. Bhí na deontais aonair ó €254 go €24,000 agus íocadh os cionn 9,400 in 2018.

A.8 *Fóirdheontais agus liúntais*

Soláthar sna meastacháin: €4.6 milliún, toradh: €2.839 milliún

Bhí an coigilteas €1.761 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar líon iarratas ó thithe incháilithe faoi na scéimeanna Tithíochta Inacmhainne agus Úinéireachta Comhroinnte.

*A.9* *Ciste Bonneagair*

Soláthar sna meastacháin: €75 milliún, toradh: €6.888 milliún

Baineann an meastachán leis an gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (LIHAF), atá le bonneagar poiblí as an láithreán a sholáthar chun blocáil ar bhonneagar criticiúil a mhaolú agus dlús a chur faoi sheachadadh na tithíochta i bpríomhlimistéir agus i láithreáin forbartha agus leis an gCiste um Láithreáin le Seirbhísí (SSF) atá le bonneagar a sholáthar ar chulsoláthairtí talún údaráis áitiúil chun soláthar tithíochta inacmhainne a éascú.

Bhí an coigilteas €68.112 milliún ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar chaiteachas ar na 30 tionscadal LIHAF nár réadaíodh chomh gasta agus rabhthas ag súil leis. Ag tús 2018, bhí go leor de na tionscadail LIHAF ag an gcéim deartha nuair a bhíonn costais measartha agus nuair is gnách nach mbíonn i gceist agus táillí deartha agus comhairleoireachta. Meastar go méadóidh caiteachas go suntasach i 2019 agus tionscadail ag bogadh ar aghaidh chuig céim na tógála.

Seoladh an scéim SSF i mí an Mheithimh 2018 trí ghairmeacha a eisiúint le haghaidh tograí ar údaráis áitiúla agus i mí na Nollag tugadh faomhadh do 10 dtionscadal. Níor tabhaíodh aon chostais i 2018 agus meastar go luasóidh tarraingt aníos i 2019. Rinneadh coigiltis a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

## Clár B Seirbhísí Uisce

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | 7,350 | 5,626 | 4,958 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | 1,713 | 1,388 | 1,097 |
| B.3 | Clár cáilíochta uisce | 22,457 | 13,747 | 11,823 |
| B.4 | Clár uisce tuaithe | 44,000 | 39,121 | 15,351 |
| B.5 | Imeall trá | 5,310 | 1,087 | 715 |
| B.6 | Uisce Éireann | 1,100,000 | 1,100,000 | 291,535 |
| B.7 | Údaráis áitiúla | 16,500 | 13,001 | — |
| B.8 | Deisiú luaidhe/bonneagar arna sholáthar ag forbróir | 4,000 | 47 | 132 |
| B.9 | Comhlacht Comhairleach Uisce | 420 | — | — |
| B.10 | Seirbhísí eile | 34 | — | 426 |
| | | **1,201,784** | **1,174,017** | **326,037** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Ar an iomlán, b'ionann an caiteachas maidir le Clár B agus €27.767 milliún níos b'ísle ná an méid ar soláthraíodh ina leith. Bhain €2.049 milliún de sin le caiteachas riaracháin a míníodh cheana féin agus bhí iarmhéid na difríochta, tearc-chaitheamh €25.718 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha:

*B.3 Clár cáilíochta uisce*

Soláthar sna meastacháin: €22.457 milliún, toradh: €13.747 milliún

Bhí an coigilteas €8.710 milliún ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar an méid seo a leanas:

Tháinig coigilteas €5.35 milliún chun cinn mar gheall ar earcaíocht mheasta an Fhoireann Measúnaithe Abhantraí (35 eolaí ag a bhfuil raon leathan de shaineolas teicniúil) ag Oifig Chlár Uisce na n-Údarás Áitiúil chun Clár Bainistíochta Abhantraí na hÉireann 2018-2021 a chur i bhfeidhm agus chun tacú le gníomhaíochtaí leanúnacha i ndáil le Creat-Treoir Uisce an AE in Éirinn.

Tháinig coigilteas breise de €1.23 milliún chun cinn mar gur cuimsíodh sa Phlean Bainistíochta Abhantraí a foilsíodh i mí Aibreáin 2018 anailís eacnamaíoch ar úsáid uisce, a chiallaigh nach ndeachthas ar aghaidh le clár beartaithe um anailís agus thaighde ar úsáid uisce. Ina theannta sin, níor réadaíodh caiteachas a bhí beartaithe um chúnamh le hiarratas a dhréachtú do Thionscadal Comhtháite LIFE ar théama a bhain le cáilíocht uisce mar nach raibh sé clúdaithe ag maoiniú cúnaimh theicniúil a fuarthas ón AE.

Tháinig coigilteas breise eile de €2.12 milliún chun cinn ar chlár INTERREG V an AE (Bearta Comhshaoil) toisc nár tionóladh an próiseas roghnúcháin tionscadal go dtí 2017 agus dá bhrí sin nach raibh neart dul chun cinn déanta maidir le cuid mhór de na tionscadail ionas go bhféadfaí maoiniú a tharraingt aníos mar a bhí measta i 2018.

*B.4* *Clár uisce tuaithe*

Soláthar sna meastacháin: €44 milliún, toradh: €39.121 milliún

Bhí an coigilteas €4.879 milliún ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar chaiteachas ní b'ísle ná mar a bhí measta ar thionscadail chaipitil áirithe. Chun aistriú ó mhaoiniú bliantúil an uisce tuaithe chuig an gclár ilbhliantúil 2016-2018 ba ghá athruithe suntasacha a dhéanamh ar ord tosaíochta tionscadal agus chórais mheasúnaithe agus mar sin ní dheachaigh tionscadail áirithe ar aghaidh chomh tapa agus a bhíothas ag súil leis.

*B.5* *Imeall trá*

Soláthar sna meastacháin: €5.310 milliún, toradh: €1.087 milliún

Bhí an coigilteas €4.223 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall nach ndeachaigh tionscnaimh chun chur chun feidhme na Treorach Réimse um Straitéis Mhuirí a chur chun cinn mar a bhí beartaithe agus bhí costais na luachála agus teagmhais riachtanacha níos lú ná mar a bhí tuartha.

*B.7* *Údaráis áitiúla*

Soláthar sna meastacháin: €16.5 milliún, toradh: €13.001 milliún

Bhí an t-easnamh €3.499 milliún ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar chaiteachas ní b'ísle mar gheall ar ghá ní b'ísle ná mar a bhí measta le hiasachtaí oidhreachta sheirbhísí uisce a fhorchúiteamh a bhí ag údaráis áitiúla agus costais mhaoinithe éagsúla na n-iasachtaí. Ina theannta sin, bhí caiteachas ag údaráis áitiúla ar oibriú an Oifig um Aistriú Seirbhísí Uisce agus maidir le hobair ar shócmhainní seirbhísí uisce a aistriú chuig Uisce Éireann níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis.

*B.8* *Deisiú luaidhe/bonneagar arna sholáthar ag forbróir*

Soláthar sna meastacháin: €4 milliún, toradh: €47,000

Ba í an phríomhchúis leis an easnamh de €3.953 milliún ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin ná nach ndeachthas ar aghaidh, mar a bhí measta, i 2018 leis an gclár um bonneagar sheirbhísí uisce arna cur ar fáil ag an bhforbróir tar éis gur cuireadh i gcrích an scéim phíolótach rathúil i 2017. Baineadh amach coigilteas breise ar Scéim na nDeontas um Dheisiú Luaidhe Tí ar scéim é faoi thionchar éilimh agus dá bhfuil caiteachas deacair a thuar.

*B.9* *Comhlacht Comhairleach Uisce*

Soláthar sna meastacháin: €420,000; toradh: Nialas

Tharla an coigilteas €420,000 ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar nach raibh an Comhlacht Comhairleach Uisce bunaithe go dtí an 1 Meitheamh 2018 agus nár tugadh próiseas na gceapachán poiblí i ndáil le comhaltaí deireanacha an bhoird chun críche go dtí mí na Nollag 2018.

## Clár C Rialtas Áitiúil

| | | | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| C.1 | Riarachán - pá | | 6,873 | 9,225 | | 8,572 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | 1,649 | 2,288 | | 1,605 |
| C.3 | An Ciste Rialtais Áitiúil | | 124,800 | 124,800 | | 365,300 |
| C.4 | Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála | | 10,300 | 11,958 | | 11,828 |
| C.5 | Toghchóras | | 2,223 | 585 | | 81 |
| C.6 | Seirbhísí eile | | | | | |
| | *Bunaidh* | 245 | | | | |
| | *Forlíontach* | 9,999 | | | | |
| | | | 10,244 | 9,937 | | 303 |
| | | | **156,089** | **158,793** | | **387,689** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €12.703 milliún níos mó ná an méid ar soláthraíodh ina leith. Bhí tearc-chaitheamh €2.991 milliún ann a bhain le caiteachas riaracháin a míníodh cheana féin agus bhí iarmhéid na difríochta, tearc-chaitheamh €9.712 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha:

*C.4 Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála*

Soláthar sna meastacháin: €10.3 milliún, toradh: €11.958 milliún

Bhí an méadú €1.658 milliún ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall go ndeachaigh ar líon stáisiún dóiteáin agus ionad oiliúna úr chun cinn níos gaiste ná mar a rabhthas ag súil leis.

*C.5 Toghchóras*

Soláthar sna meastacháin: €2.223 milliún, toradh: €585,000

Baineann feidhm toghchórais na Roinne le beartas agus reachtaíocht maidir le gnéithe riaracháin an chórais toghcháin. Tháinig coigilteas €1.638 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin chun cinn go príomha mar gheall ar an mbille costas a d’eascair as Ordú Cúirte i ndiaidh dúshlán dlíthiúil i leith Reifreann na Leanaí 2012 nár tugadh chun críoch ag Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Ina theannta sin, ní dheachaigh an Tionscadal um Nuachóiriú Chlár na dToghthóirí chomh tapa agus a bhíothas ag súil leis i 2018.

*C.6 Seirbhísí eile*

Soláthar sna meastacháin: €245,000, toradh: €9.937 milliún

Cuimsíonn an fotheideal seo meastachán forlíontach de €9.999 milliún chun tacú leis an bhfreagairt bhainteach le haimsir chrua, na hoibreacha glantacháin agus deisiúcháin ag údaráis áitiúla tar éis Stoirm Emma go luath i 2018.

## Clár D Pleanáil

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | | 6,298 | 3,767 | 2,207 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | | 1,823 | 434 | 538 |
| D.3 | An Bord Pleanála | | 17,244 | 17,514 | 16,960 |
| D.4 | Binse Pleanála | | 3,745 | 4,322 | 11,443 |
| D.5 | Oifig an Rialálaí Pleanála | | 1,400 | 258 | — |
| D.6 | Beartas um pleanáil | | 360 | 550 | 334 |
| D.7 | Réamhphleanáil | | 250 | 247 | 544 |
| D.8 | Mo Phlean | | 210 | 121 | 142 |
| D.9 | Athghiniúint/athnuachan uirbeach | | 10,000 | — | — |
| D.10 | Scéim lacáiste ranníocaíochtaí forbartha | | 6,000 | 6,685 | — |
| D.11 | Suirbhéireacht Ordanáis Éireann [a] | | 15,593 | 15,593 | — |
| D.12 | Seirbhísí eile | | 110 | 29 | 98 |
| D.13 | An Ghníomhaireacht Forbartha Talún | | | | |
| | *Bunaidh* | — | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | 1 | 254 | — |
| | | | **63,034** | **49,774** | **32,266** |

Nóta [a] Tugadh cuntas i leith an fhotheidil seo i 2017 i Vóta 24 an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Ba é an caiteachas i 2017 ná €15.593 milliún.

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Ar an iomlán, b’ionann an caiteachas maidir le Clár D agus €13.259 milliún ní b’ísle ná an méid ar soláthraíodh ina leith. Bhain €3.92 milliún de sin le caiteachas riaracháin a míníodh cheana féin agus bhí iarmhéid na difríochta, tearc-chaitheamh €9.339 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha:

*D.4 Binse Pleanála*

Soláthar sna meastacháin: €3.745 milliún, toradh: €4.322 milliún

Bhí an méadú €577,000 i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar mhaoiniú dlíthiúil a theastaigh chun costais dhlíthiúla tríú páirtí a d'eascair as obair an Bhinse Pleanála a íoc. Féach Nóta 6.1 – Coistí agus Coimisiúin agus Fiosrúcháin Speisialta le haghaidh eolais bhreise.

*D.5 Oifig an Rialálaí Pleanála*

Soláthar sna meastacháin: €1.4 milliún, toradh: €258,000

Bhí an coigilteas €1.142 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall go raibh moill le hachtú an Bille um Pleanáil agus Forbairt (Arna Leasú) 2018, lena bhforáiltear don bhonn reachtúil um bunú Oifig an Rialálaí Pleanála agus mar sin nár sannadh aon fhoireann chun na gníomhaireachta i 2018. Táthar ag súil go mbunófar Oifig an Rialálaí Pleanála i 2019.

*D.6* *Beartas um pleanáil*

Soláthar sna meastacháin: €360,000 toradh: €550,000

Bhí an méadú €190,000 ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar chostais nach raibh súil le i ndáil le dhá phróiseas trasteorann um chomhairliúchán poiblí ar stáisiúin cumhachta núicléiche beartaithe sa RA (Hinkley Point C agus Wylfa Newydd) agus ar dhréachtú na Rialachán ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta.

*D.9* *Athghiniúint/athnuachan uirbeach*

Soláthar sna meastacháin: €10 milliún; toradh: Nialas

Is é an fáth leis an gcoigilteas de €10 milliún i ndáil leis an soláthar sa mheastachán ná go bhfuiltear chun an Scéim Athnuachana Uirbí a athbhreithniú tar éis gur fógraíodh Tionscadal Éire 2040 i bhFeabhra 2018, a chuimsíonn Ciste nua um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach (URDF) ar luach €2 billiún lena ngabhann cuid mhór de na critéir a bhí ag gabháil leis an Scéim Athnuachana Uirbí mar a bhí samhlaithe ar dtús. Fógraíodh faomhadh do 88 dtionscadal faoin URDF i Samhain 2018. Déanfar an Scéim Athnuachana Uirbí chun dúbailt laistigh den URDF a sheachaint.

*D.10* *Scéim lacáiste ranníocaíochtaí forbartha*

Soláthar sna meastacháin: €6 milliún, toradh: €6.685 milliún

Bhain an scéim lacáiste le limistéir údaráis áitiúil Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí maidir le forbairtí tithíochta a chomhlíonann critéir incháilitheachta áirithe. Bhí sé mar aidhm leis aonaid tithíochta a sholáthar ar phraghsanna réasúnta. Ba í an phríomhchúis leis an méadú €685,000 milliún ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin ná aschur ní b'airde faoin scéim ná mar a bhí measta; seachadadh 791 aonad faoin scéim.

*D.13* *An Ghníomhaireacht Forbartha Talún*

Soláthar sna meastacháin: Nialas, toradh: €254,000

Fotheideal nua ab ea sin a cruthaíodh i 2018 mar chuid den mheastachán forlíontach tar éis go ndearnadh ordú bunaithe don Ghníomhaireacht Forbartha Talún (GFT) nua ar 13 Meán Fómhair 2018 (I.R. Uimh. 352/2018). Bhí caiteachas 2018 ceaptha le tacú le costais riaracháin agus oibriúcháin tosaigh an GFT.

## Clár E Met Éireann

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Riarachán - pá | 12,261 | 12,071 | 13,682 |
| E.2 | Riarachán – neamhphá | 8,642 | 5,683 | 4,123 |
| E.3 | Síntúis le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta Méadreolaíochta | 3,000 | 3,000 | 197 |
| E.4 | Seirbhís réamhaisnéise agus rabhaidh tuilte | 875 | 165 | — |
| | | **24,778** | **20,919** | **18,002** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Ar an iomlán, b'ionann an caiteachas maidir le Clár E agus €3.859 milliún ní b'ísle ná an méid ar soláthraíodh ina leith. Bhain €3.149 milliún de sin le caiteachas riaracháin a míníodh cheana féin agus bhí iarmhéid na difríochta, tearc-chaitheamh €710,000, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha:

*E.4 Seirbhís réamhaisnéise agus rabhaidh tuilte*

Soláthar sna meastacháin: €875,000 toradh: €165,000

Ba í an chúis leis an gcoigilteas €710,000 ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar ná nach ndeachthas ar aghaidh chomh tapa agus a bhíothas ag súil leis le seirbhís réamhaisnéise agus rabhaidh tuilte a bhunú.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Táillí iníoctha ag údaráis áitiúla, srl., chun a gcuid cuntas a iniúchadh | 1,885 | 2,101 | 2,379 |
| 2 | Fáltas ón gCiste Árachais Shóisialaigh i ndáil le háitribh áitithe maidir le hÁrachas Sóisialta (An tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005) | 741 | 741 | 741 |
| 3 | Fáltais Met Éireann | 10,530 | 10,094 | 11,293 |
| 4 | Fáltais ilghnéitheacha | 200 | 105 | 46 |
| 5 | Fáltais imeall trá | 2,100 | 1,460 | 2,233 |
| 6 | SOÉ | 390 | 380 | — |
| 7 | Fáltais ó asbhaint a bhain le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 47,420 | 54,845 | 47,437 |
| | | **63,266** | **69,726** | **64,129** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Ar an iomlán, b'ionann na leithreasaí-i-gcabhair agus €6.46 milliún níos mó ná an méid a bhí measta.

Tá míniúcháin ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

*1 Táillí iníoctha ag údaráis áitiúla, srl., chun a gcuid cuntas a iniúchadh*

Soláthar sna meastacháin: €1.885 milliún, toradh: €2.101 milliún

Bhí an méadú €216,000 mar gheall go n-eisítear éilimh ar tháillí iniúchóireachta ar bhonn leanúnach de réir mar a chuirtear iniúchtaí i gcrích agus go raibh ioncam ní b'airde ná mar a bhíothas ag súil leis i 2018.

*5 Fáltais imeall trá*

Soláthar sna meastacháin: €2.1 milliún, toradh: €1.460 milliún

Bhí an méadú €640,000 mar gheall go bhfuil sé deacair fáltais imeall trá a thuar go hiontaofa.

7 *Fáltais ó asbhaint a bhain le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí*

Soláthar sna meastacháin: €47.420 milliún, toradh: €54.845 milliún

Ba í an phríomhchúis leis an méadú de €7.425 milliún ná déaduchtuithe bainteach le pinsin a bhí fós le baint le haghaidh 2017 agus a fuarthas i 2018 agus ná go raibh tráth fháltais 2018 níos tapa ná mar a bhíothas ag súil leis. I 2017, bhí deacrachtaí maidir le méid agus tráth na bhfáltas sin a thuar mar gurbh é sin an chéad uair gur chuimsigh an focheannteideal sin fáltais um déaduchtuithe bainteach le pinsin i dtaobh níos mó ná 27,000 fostaí údaráis áitiúil.

## 4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | — |
| Uisce Éireann - aisíocaíocht fóirdheontais neamhúsáidte ó 2017[a] | 1,236 | — |
| Cistiú Forbartha Réigiúnaí na hEorpa | 787 | — |
| Íocaíocht faoin Acht um Réiteach Piríte 2013 | 306 | 664 |
| Fuascailt tionscadal arna mhaoiniú faoin Scéim Dheonach Chúnaimh um Chaipiteal Tithíochta[b] | 298 | 1,390 |
| Aisíocaíocht faoi Chlár an Údaráis Áitiúil um Infheistíocht i dTionscadal Áitiúil (SHIP) | 107 | — |
| Ranníocaíochtaí pinsin an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe | 47 | 46 |
| Aisíocaíocht um maoiniú do Chlár Forbartha Áitiúil agus Pobail (CFÁP) nár caitheadh an bhliain roimhe sin | — | 175 |
| Aistriú chuig an Státchiste | (2,781) | (2,275) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **—** | **—** |

Nótaí

[a] Tá an €1.236 milliún faighte i dtaobh fóirdheontais neamhchaite ó Uisce Éireann a íocadh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag an Roinn i rith na bliana. Íocadh €6.1 milliún breise i dtaobh phróiseas aisíocaíochta an mhuirear uisce tí go díreach leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag Uisce Éireann.

[b] I rith 2018, d'eascair €298,309 d'fháltais bhreise an Státchiste a géilleadh don Státchiste ó aisíocaíocht cistí i dtaobh deontas a rinneadh sna blianta roimhe faoin Scéim Cúnaimh Chaipitil. Faoin Scéim Cúnaimh Chaipitil, réamhíoc údaráis áitiúla iasachtaí le comhlachtaí tithíochta faofa chun cabhrú le costais chaipitil. Chun cáiliú do na hiasachtaí sin ní mór do na CTFanna tithíocht a sholáthar do dhaoine scothaosta, dhaoine gan dídean, daoine faoi mhíchumas, nó daoine eile faoi mhíbhuntáiste a aithníodh go raibh acu le tithíocht.

# Nóta 5 Líon foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon fostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | | |
| Roinn | 719 | 656 |
| Gníomhaireachtaí[a] | 592 | 373 |
| | **1,311** | **1,029** |

Nótaí [a] Áirítear leis an Bord Pleanála, An Ghníomhaireacht Tithíochta & Pobal Inbhuanaithe, an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta, An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe.

## 5.2 Pá

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Foireann na Roinne** | **€000** | **€000** |
| Pá | 39,157 | 35,716 |
| Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta | — | 41 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 303 | 257 |
| Liúntais eile | 1,674 | 1,611 |
| Ragobair | 545 | 504 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,746 | 2,364 |
| **Pá iomlán[a]** | **44,425** | **40,493** |

Nótaí [a] Leithdháiltear na figiúir iomlána phá ar fud na gclár A go E.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre [a]

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair iomlán is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2017 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 85 | 11 | 20,597 | 18,038 |
| Liúntais eile | 134 | 73 | 27,060 | 28,021 |
| Ragobair | 122 | 18 | 28,317 | 26,012 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 101 | 77 | 45,755 | 39,755 |

Nótaí [a] Baineann na sonraí pá, liúntais agus luacha saothair eile thuasluaite le foireann na Roinne a íocadh go díreach ón Vóta faoi chláir A go E. Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le líon agus pá na bhfostaithe i gcás ghníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na tuarascálacha bliantúla iomchuí nó go díreach ó na gníomhaireachtaí atá i gceist.

## 5.4 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh naonúr státseirbhíseach a d'éirigh as agus a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu a athfhostú ar bhonn táille ar chostas iomlán €50,303. Bhí na híocaíochtaí sin ar aon dul le prionsabail an Achta um Sheirbhísí Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Áirítear leis an gcuntas sin caiteachas de €266,732 i dtaobh ceathrar oifigeach a bhí ag seirbheáil lasmuigh den Roinn le haghaidh na bliana go léir nó cuid den bhliain 2018 agus a d'íoc an Roinn a gcuid tuarastal.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

Ba é €30,716 an méid ro-íocaíochtaí a bhí i gceist i dtaobh 29 nduine aonair (2017: €37,979 i ndáil le 35 dhuine aonair). As sin, tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm ag €9,568 maidir le 8 daoine aonair (2017: €13,577, 8 daoine aonair).

Aistríodh plean um aisghabháil ró-íocaíochta, i dtaobh duine amháin, ar luach €1,767 chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i gcaitheamh na bliana.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí agus coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go deireadh 2018 | 2018 Caiteachas | 2017 Caiteachas |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Binse fiosrúcháin ar nithe agus íocaíochtaí áirithe pleanála | 1997 | 135,540 | 4,322 | 11,443 |

Nóta B'ionann an caiteachas go deireadh na bliana 2018 agus €135.5 milliún. Beidh tuilleadh íocaíochtaí a bhaineann leis an mBinse Fiosrúcháin ar nithe agus íocaíochtaí áirithe pleanála le híoc. Ní féidir costais deiridh a chinneadh go dtí go gcinnfear costais dlí tríú páirtí i leith na tréimhse ó 2002. Ar bhonn meastachán Binse agus ar bhonn caiteachais go deireadh na bliana 2018, d'fhéadfadh costais bhreise €12.5 milliún teacht aníos, a bhaineann go príomha le hionadaíocht dhlíthiúil tríú páirtí.

### 6.2 Cúiteamh agus costais dhlíthiúla

| | | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásanna | Costais dlí íoctha ag an Roinn | Cúiteamh a dámhadh | Costais dhlíthiúla dámhadh | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Éilimh a rinne fostaithe | 1 | — | — | 7 | 7 | 21 |
| Éilimh ó bhaill den phobal | 3 | — | — | 431 | 431 | 639 |
| | | — | — | 438 | 438 | 660 |

### 6.3 Ús ar íocaíochtaí déanacha

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis | 3 | 4 |

## 6.4 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|
| | Meastachán | Toradh | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 |
| **Fotheideal** | | | |
| A.4 Tithíocht dheonach agus comharthithíocht | 500 | 270 | 107 |
| A.7 Deontais tithíochta príobháidí | 7,508 | 7,508 | 6,859 |
| | **8,008** | **7,778** | **6,966** |

Tá sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag:

http://www.housing.gov.ie/corporate/finance/national-lottery-funding/national-lottery-funding

## 6.5 Maoiniú ón AE

Áirítear ar an toradh a léirítear i bhFotheideal agus B.3. íocaíochtaí i ndáil le gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Seo a leanas meastacháin ar chaiteachas agus torthaí iarbhír:

| | 2018 | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | Meastachán | Toradh | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 |
| **Fotheideal** | | | |
| A.6 Athbheochan eastáit | — | — | 4,122 |
| B.3 Clár cáilíochta uisce | 3,400 | 1,598 | 345 |
| | **3,400** | **1,598** | **4,467** |

## Nóta 7 Iarmhéideanna Ciste

### 7.1 Cuntas an Chiste Forbraíochta Uirbí

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 18,525 | 21,156 |
| Fáltais | — | — |
| Caiteachas don bhliain | 982 | 2,631 |
| | **17,543** | **18,525** |

Is clár de chuid Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) é an Ciste Forbraíochta Uirbí ar ann dó chun tacú le tionscnaimh athghiniúna comhtháite i lárionaid ainmnithe uirbeacha. Feidhmítear an scéim ag tionóil réigiúnacha ar Údaráis Bhainistithe iad atá freagrach as fíorú caiteachais incháilithe ar thionscadail fhaofa. Cuireann an Roinn cistí ar fáil (faoi threoir ag an údarás bainistithe agus tá sé faoi réir fíorú an údaráis bhainistithe) chun údaráis áitiúla a chúiteamh ar bhonn cistí comhfhreagracha. Rinneadh breithniú faoi iarratais incháilitheachta faoin gCiste i Mí na Nollag 2015 agus tá an clár á rith ar feadh na tréimhse go dtí deireadh 2020. Léiríonn an t-iarmhéid creidmheasa sa Chiste réamh-mhaoiniú a cuireadh ar fáil ó CFRE, ag feitheamh le héilimh fhíoraithe a fháil maidir leis na tionscadail ábhartha.

### 7.2 Ciste Éadálacha Rollacha na Gníomhaireachta Tithíochta

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 71,795 | 6,741 |
| Fáltais ó Fhotheideal A.10[a] | 498 | 70,000 |
| Méid iomlán a cuireadh ar aghaidh ag 31 Nollaig | 72,293 | 76,741 |
| | | |
| Costais neamh-in-aisghabhála[b] | (1,397) | (3,055) |
| Aistrithe go húdaráis áitiúla | — | (1,899) |
| Ioncam ó chíos | 45 | 8 |
| **Iarmhéid deiridh ag 31 Nollaig** | **70,941** | **71,795** |

Bunaíodh Ciste Éadálacha na Gníomhaireacht Tithíochta, ar ciste rollach é, chun thart ar 1,600 aonaid a éadáil thar an tréimhse go 2020 lena n-úsáid le haghaidh tithíocht shóisialta.

Nótaí

[a] Bhí coigilteas costais phá ag an nGníomhaireacht Tithíochta óna leithdháileadh dheontas stáit. Leithdháileadh €497,833 breise ó na coigiltis sin chuig an gCiste chun íoc as costais dlí áirithe arna dtabhú.

Tá an Ciste sin á úsáid ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun réadmhaoine folmha a éadáil ó bhainc, infheisteoir agus úinéirí eile ilphunanna réadmhaoine i limistéir ina bhfuil éileamh ard ar thithíocht shóisialta. Agus amhlaidh á dhéanamh, tá an Ghníomhaireacht ag obair i ndlúthchomhar leis na húdaráis áitiúla lena chinntiú nach gceannaítear réadmhaoine ach i limistéar ina bhfuil éileamh ard ar thithíocht shóisialta.

Díolann an Ghníomhaireacht na tithe, ag costas, chuig comhlachtaí ceadaithe tithíochta chun an Chiste a athlíonadh. Reáchtálfar an clár seo go dtí 2020 agus, nuair a chríochnófar an clár, tabharfaidh an Ghníomhaireacht iarmhéid deireadh ar bith den Chiste ar ais don Roinn.

[b] Ní féidir costais áirithe a thabhaíonn an Ghníomhaireacht amhail táillí dlíthiúla agus gairmiúla agus costas eile a bhaineann le héadáil tithíochta a fháil ar ais agus mar sin laghdaítear iarmhéid foriomlán an Chiste. Thángthas ar an bhfigiúr le haghaidh 2018 tar éis coigeartú de €146,000 le haghaidh chostais neamh-inaisghabhála 2017. Baineann an coigeartú le héadáil, táillí comhairleoirí agus foirne gníomhaireachta a taifeadadh faoin gCiste ach arbh cheart iad a thaifeadadh faoi chostais a ghabhann le deontas riaracháin bliantúil na Gníomhaireachta.

## Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Sa tábla seo déantar liosta de na comhlachtaí a bhí faoi choimirce na Roinne in 2018 agus i gcás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn na ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail deireadh Mhárta 2019, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais is déanaí a iniúchadh agus an uair ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Ciste comhlachta/roinne | Tréimhse cuntasaíochta dheireanach | Dáta thuarascáil an iniúchta | Dáta a fuair an tAire/Roinn í | Dáta ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais |
|---|---|---|---|---|
| An Bord Pleanála | 2017 | 29 Meith 2018 | 20 Iúil 2018 | 28 M.F. 2018 |
| Ervia agus Líonraí Gáis Éireann | 2017 | 28 Már 2018 | 26 Aib 2018 | 14 Meith 2018 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe | 2017 | 27 Már 2018 | 1 Beal 2018 | 22 Meith 2018 |
| An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe[a] | 2017 | 29 Meith 2018 | 3 Iúil 2018 | 2 D.F. 2018 |
| Uisce Éireann | 2017 | 28 Már 2018 | 26 Aib 2018 | 14 Meith 2018 |
| An Ciste Rialtais Áitiúil | 2017 | 28 Meith 2018 | 28 Meith 2018 | 1 Lún 2018 |
| An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil | 2017 | 5 Aib 2018 | 24 Beal 2018 | 26 Iúil 2018 |
| An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe | 2017 | 17 Noll 2018 | 19 Noll 2018 | 16 Ean 2019 |
| Suirbhéireacht Ordanáis Éireann | 2017 | 24 Noll 2018 | 23 Ean 2019 | 25 Már 2019 |

Nótaí [a] Áirítear leis an Bord Réitigh Pírite.